'Seo, mar sin!' arsa an Chircín Dhonn.
'Beidh cóisir againn.'

An Gúm

Cóisir na gCearc

Séideán Sí

Gobnait Uí Chonchubhair
Dómhnal Ó Bric a mhaisigh

An chéad eagrán 2006

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2006

Athchló 2013

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Dómhnal Ó Bric

PB Print a chlóbhuail in Éirinn

An Gúm, 24–27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1



Bhí cró na gcearc ciúin.

'Tá an áit seo an-chiúin,' arsa an Chircín Rua.

'Tá,' arsa an Chircín Dhubh.

'I bhfad róchiúin.'

‘Seo, mar sin!’ arsa an Chircín Dhonn. ‘Beidh cóisir againn. Tabharfaimid cuireadh do na hainmhithe ar fad.’

‘Tabharfaimid!’ arsa an Chircín Rua. ‘Beidh cóisir againn. Beidh bia agus deoch agus ceol againn.’

'Caithfimid fógra a scríobh,' arsa an Chircín Rua. 'Cé acu againn is fearr ag scríobh?'

'Tú féin,' arsa an Chircín Dhubh. 'Tú féin is fearr ag scríobh.'

Nuair a bhí an fógra scríofa ag an gCircín Rua chroch na cearca ar chrann mór darach é.

Isteach leis na cearca sa chró. Siúd leo ag glanadh agus ag sciúradh.

Nuair a bhí an cró glanta ag na cearca thosaigh siad ag bácáil.

Chonaic an coileach an fógra ar an gcrann darach. Ní mó ná sásta a bhí sé.

'Cóisir!' ar seisean. 'Ainmhithe ag ithe agus ag ól istigh i mo chrósa! Caithfidh mé fógra eile a scríobh!'

Nuair a bhí an fógra scríofa aige chroch sé ar an gcrann é.



Chonaic na hainmhithe an fógra.
Ní mó ná sásta a bhí siad.
'Caithfidh cuireadh a bheith
againn,' a dúirt siad le chéile.

'An bhfuil cuireadh agatsa chuig
cóisir na gcearc?' arsa an capall leis
an asal.
'Níl,' arsa an t-asal. 'An bhfuil
cuireadh agat féin?'
'Níl,' arsa an capall. 'Agus táim mór
leis na cearca.'



'An bhfuil cuireadh agatsa chuig cóisir na gcearc?' arsa an mhuc leis an gcaora.

'Níl,' arsa an chaora. 'An bhfuil cuireadh agat féin?'

'Níl,' arsa an mhuc. 'Agus táim an-mhór leis na cearca.'

'Ní bheidh aon chóisir ann, más ea,' arsa an searrach.

Chonaic an coileach na hainmhithe. Chuala sé an chaint. Bhí sé breá sásta leis féin.

'Há! Há!' ar seisean. 'Beidh an bia agus an deoch ar fad agam dom féin.'

'Tá sé in am an doras a oscailt,' arsa an Chircín Rua.
Nuair a d'oscail sí é ní raibh ann ach an coileach. Chonaic an coileach an bia agus an deoch.

'Tá ocras ormsa,' ar seisean.
'Caithfidh tú fanacht ansin nó go dtiocfaidh na hainmhithe eile,' arsa an Chircín Rua leis.
Ní mó ná sásta a bhí an coileach.



Ar a naoi a chlog dhún an Chircín Rua an doras.

'Níor tháinig ár gcairde chuig an gcóisir,' ar sise go brónach.



'Bainfidh mé anuas an fógra,' arsa an Chircín Dhubh agus amach léi.



Bhí an coileach ina sheasamh ag an gcrann darach.

'Níor tháinig ár gcairde chuig an gcóisir,' arsa an Chircín Dhubh leis go brónach.

'Nár tháinig?' arsa an coileach.

Is ansin a chonaic an Chircín Dhubh an fógra.

'A bhithiúnaigh!' ar sise leis an gcoileach. 'Is tusa a scríobh an fógra seo.'

'Há! Há!' arsa an coileach. 'Anois beidh an bia agus an deoch ar fad agam dom féin.'

'Ní bheidh, muise,' arsa an chircín.

Nuair a chuala na cearca eile an scéal ní mó ná sásta a bhí siad leis an gcoileach.

Lá arna mhárach chroch na cearca a bhfógra féin arís.

D'fhan an Chircín Dhonn ar garda.

'Tá sé in am an doras a oscailt,'
arsa an Chircín Rua.
Nuair a d'oscail sí é ní raibh ann
ach an coileach.



'Bailigh leat!' arsa an Chircín Rua.
'Níl aon chuireadh agatsa chuig
cóisir na gcearc.'

Agus dhún sí amach an doras.

Leis sin lig an coileach béic as.



Nuair a chuala sí an bhéic d'oscail an Chircín Rua an doras arís. Chonaic sí an capall agus an searrach. Chonaic sí an mhuc agus na bainbh. Chonaic sí an chaora agus na huain.



Ansin chonaic sí an coileach.

Bhí an coileach fliuch báite!

'Táim fliuch báite,' ar seisean.

'Há! Há! Há!' arsa an Chircín Rua.

'Bailigh leat. Níl aon chuireadh agatsa chuig cóisir na gcearc.'

Bhí an-oíche go deo acu ag cóisir na gcearc.